Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13042/23**

**CDR 138**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 30 Meitheamh 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Vincenzo BIANCO a cheapadh ina chomhalta de Choiste na Réigiún agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 11531/23.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Vincenzo BIANCO, mhol Rialtas na hIodáile[2] Antonio DECARO, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Bari* (Méara Bhardas Bari), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Bealtaine 2024. Tar éis dó bheith ceaptha, beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún folamh.

4. Thairis sin, chun comhalta a chur in ionad Antonio DECARO, mhol[3] Rialtas na hIodáile Sandrino AQUILANI, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Bari* (Méara Bhardas Vetralla), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún go dtí an 25 Eanáir 2025.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 13044/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 12699/23.
[3] 12699/23.